

## TREOIR PHRAITICIÚIL

### IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN NGLAO AR LÉIRIÚ SPÉISE BUNACHAR SONRAÍ A BHUNÚ

Gníomhairí ar conradh (grúpa feidhme IV) i réimse na cumarsáide:  
Preasoifigeach agus Bainisteoir Pobail

Chun d'iarratas a thíolacadh don bhunachar sonraí seo, ní mór duit cuntas a bheith agat ar ardán APPLY4EP. Is é an t-ardán sin an t-aon bhealach chun iarratas a chur isteach.

## 1. Cuntas a chruthú agus na foirmeacha iarratais a chomhlánú

Ní féidir leat ach aon chuntas uathúil amháin a chruthú. Chun do chuntas a chruthú, téigh go <https://apply4ep.gestmax.eu> agus léigh go cúramach an teachtaireacht atá ann.

Cliceáil ar *Apply online [Déan iarratas ar líne]*. Cuir isteach an fhaisnéis éigeantach go léir lena ngabhann réiltín.

Cliceáil ansin ar *Next [An chéad chéim eile]*. Uaslódáil do curriculum vitae i bhformáid Europass (<https://europa.eu/europass/select-language?destination=/node/1>) agus comhlánaigh na dearbhuithe. Ina dhiaidh sin, cliceáil ar *Next* agus comhlánaigh gach cuid den Fhoirm iarratais lena ngabhann réiltín.

I gcás taithí oibre, ba cheart duit cur síos mionsonraithe a thabhairt ar na dualgais a rinne tú (**agus an cód/cóid a chur leis an bpost faoi Job Content [Sonraí Poist], más infheidhme, mar atá luaite thíos**). Ní mór duit na comhaid ábhartha go léir a uaslódáil (e.g. teistiméireacht ó iar-fhostóirí, litreacha earcaíochta, sainchuntais phoist, conarthaí, duillíní pá etc.) in aon doiciméad amháin, i bhformáid pdf más féidir.

Maidir le teangacha, meastar gurb í an teanga a roghnaigh tú mar Theanga 1 do mháthairtheanga agus meastar gurb í an teanga a roghnaigh tú mar Theanga 2 an dara teanga is fearr atá agat (don ghlaio seo ar léiriú spéise, ba cheart **an Béarla** a úsáid). Más é an Béarla an teanga a roghnaigh an t-iarrthóir mar Theanga 1, ní mór eolas sásúil (leibhéal B2) a bheith ag an iarrthóir ar cheann de 23 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Níl doiciméad tacaíochta éigeantach chun d'eolas ar theangacha a chruthú.

I gcás dioplómaí, ba cheart duit sonraí do dhioplómaí meánoideachais, do dhioplómaí iarmheánscoile agus/nó do dhioplómaí ollscoile a chur isteach. Ní mór duit cóip de gach dioplóma a uaslódáil in aon doiciméad amháin, i bhfoirm pdf más féidir. Má fuair tú dioplóma/céim i dtríú tír, ní mór go mbeadh dearbhú coibhéise ag gabháil leis/léi, ar dearbhú é arna sholáthar ag údarás inniúil i mBallstát de chuid an Aontais Eorpaigh.

Maidir le haon doiciméad eile a sheoltar, gan beann ar a bhfuil ann, seachas na doiciméid a cheanglófar agus iarratas ar líne á dhéanamh, ní chuirfear san áireamh iad. Tabhair do d'aire gur féidir doiciméid i bhformáid DOC, DOCX, GIF, JPG, TXT, PDF, PNG nó RTF lena bhfianaítear an taithí ghairmiúil agus na cáilíochtaí a uaslódáil chuig APPLY4EP. Ní fhéadfaidh aon doiciméad a bheith níos mó ná 5 MB.

Seiceáil do chuntas APPLY4EP go rialta. Bí cinnte na sonraí pearsanta atá cláraithe agat a choimeád cothrom le dáta, go háirithe d'uímhír ghutháin agus do sheoladh ríomhphoist. Go deimhin, d'fhéadfadh na seirbhísí earcaíochta iarracht a dhéanamh dul i dteagmháil leat trí ghlaó gutháin nó trí ríomhphost. Is féidir leat do shonraí teagmhála a nuashonrú trí logáil isteach ar do chuntas iarrthóra.

## CÓID SPEISIALTA

Is é is aidhm do na cóid (e.g. [MJ], idem i ngach teanga) ná go mbeifí in ann iarrthóirí a shainaithint a bhfuil scileanna teicniúla sonracha acu. Tá gach cóid nasctha le scil ar leith (féach thíos). Iarrtar ar iarrthóirí cóid sin a úsáid ina n-iarratas ar **Professional Experience [Taithí Ghairmiúil]**. I gcás gach taithí, más ábhartha, iarrtar ar iarrthóirí cóid amháin nó níos mó a chur le **Job Content [Sonraí Poist]** chun aird a tharraingt ar scileanna áirithe agus cur síos á dhéanamh acu ar an taithí ghairmiúil sin. Féadfaidh na hiarrthóirí roinnt cóid a úsáid ag brath ar an gcúlra atá acu. Is féidir le hiarrthóirí an cóid/na cóid do gach taithí a chur ag deireadh an bhosca téacs d'ábhar an phoist. Tá sampla faoi iamh sa ghabháil scáileáin thíos.

Is féidir leis na hiarrthóirí na cóid seo a leanas a úsáid:

### **Oifigigh Preasa - Na Meáin - Cóid speisialta le húsáid, más infheidhme:**

- [MJ] Iriseoireacht
- [MN] Meáin Náisiúnta
- [MD] Meáin Dhigiteacha
- [MPSO] Eagraíocht Seimineáir Preasa
- [MRM] Bainistíocht Caidrimh leis na Meáin
- [MEU] Gnóthaí AE

### **Bainisteoirí Pobail - Na Meáin Shóisialta (SM) - Cóid speisialta le húsáid, más infheidhme:**

- [SMCM] Bainistíocht Phobail
- [SMDOLC] Cumarsáid Dhigiteach/Cumarsáid ar Líne
- [SMSMP] Ardáin/Bainistíocht na Meán Sóisialta
- [SMCRM] Bainistíocht Caidrimh le Custaiméirí
- [SMNEU] Gnóthaí Náisiúnta agus AE

Gabháil scáileáin ar conas an cóid/na cóid a chur leis:

**Professional experience**

List and describe your relevant experience starting with the most recent.

<b>Start</b>	<input type="text" value="01/01/2020"/>
<b>Ongoing experience</b>	<input checked="" type="checkbox"/>
<b>Name of the employer</b>	<input type="text" value="European Parliament"/>
<b>Address of the employer</b>	<input type="text" value="Rue Wiertz 60"/>
<b>Job title</b>	<input type="text" value="Staff File Manager"/>
<b>Job content</b>	<div><p>- Managing files of staff members and assisting the service with general administrative tasks. - Project coordination on different events and topics.</p><p>[CODE]</p></div>
<b>Supporting document</b>	<input type="button" value="CHOOSE ANOTHER FILE"/> <b>blank.pdf.pdf</b> Successfully uploaded
<b>Do you wish to add more professional experience?</b>	<input type="text" value="Yes, I wish to add 1 item"/>

## 2. Comhionannas deiseanna

Glacann Parlaimint na hEorpa fíorchúram chun gach cineál idirdhealaithe a sheachaint le linn an nós imeachta roghnúcháin.

Is fostóir comhionannais deiseanna í agus glacann sí le hiarratais gan idirdhealú a dhéanamh ar fhorais ar bith amhail inscne, cine, dath craicinn, bunadh eitneach nó sóisialta, tréithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó aon tuairim eile, a bheith i do dhuine de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, gnéaschlaonadh, stádas pósta nó stádas teaghlaigh.

## 3. Sonraí pearsanta a chosaint

Déanann Parlaimint na hEorpa, ina cáil mar an comhlacht atá freagrach as eagrú nósanna imeachta roghnúcháin, a áirithiú go bpróiseáiltear sonraí pearsanta na n-iarrthóirí i ndlúthchomhlíonadh Rialachán (CE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nadúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* L 295, 21.11.2018).